

Caibidil a Ceathair

Téarmaí & Coinníollacha Soláthair

4.1 Réamhrá

Sna Caibidilí roimhe seo d'fhéachamar go sonrach ar an stair agus ar struchtúr an choisc ar dhíolachán faoin nglan-phraghas ar an sonrasc, agus tá téarmaí an choisc sin leagtha amach in Airteagal 11 d'Ordú 1987. Is é an cosc sin an foráil is conspóidí san Ordú agus féachtar as féin air go minic.

Mar sin féin, tugann an anailís a dhéanaimid ar Airteagal 11, agus go háirithe an inní a léiríonn an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí agus daoine eile faoin gcleachtas a bhaineann le lascainiú nach mbíonn ar an sonrasc, le fios go láidir nach mór Airteagal 11 a léamh ar chomhchéim le forálacha Airteagal 13 a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha díolacháin i dtrádáil earraí grósaera.

Bímid ag súil leis an gcaidreamh dlúth sin idir Airteagail 11 agus 13 de bhrí go bhfuil sé mar féin-fhianaise againn nach mór gur téarmaí agus/nó coinníoll díolacháin a bheadh i lascainí nach mbíonn ar an sonrasc, agus tá a fhios againn go bhfuil siad sin ann ach níl a fhios againn cé chomh fairsing agus atá siad.

4.2 Téarmaí agus Coinníollacha Caighdeánacha

Ó tugadh isteach é i 1956, is é cuspóir an Ordaithe um Earraí Grósaera atá luaite go simplí ná a chinntiú go bhfuil coinníollacha trádála i bhfeidhm laistigh den ghnó grósaera, atá cóir i gcás gach duine.

Áiríodh forálacha le hOrdú 1956, a thug deis do sholáthróir téarmaí agus coinníollacha a chur i bhfeidhm agus is de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin a dhíolann sé earraí lena chuid custaiméirí. Níor shonraigh an tOrdú cad ba chóir a bheadh sna téarmaí agus coinníollacha sin ach dúradh ann

- (a) gur léiriú a bheadh iontu ar éifeachtúlachtaí agus eacnamaíochtaí sna córais táirgthe agus imdháilte, agus
- (b) nach mór iad a chur i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus iad a bheith d'aon duine sa trádáil a bheadh á n-iarraidh.¹

Luaigh sé freisin go sonrach, ach b'fhéidir go doiléir, nár chóir do sholáthróir idirdhealú a dhéanamh idir ceannaitheoir amháin agus ceannaitheoir eile ar an gcoinníoll go raibh siad den aicme chéanna.²

¹ An tOrdú um Chleachtais Srianata (Earraí Grósaera), 1956, Airt.14.

Rinne Ordú 1958 soiléiriú ar an bhforáil déanach seo leis an bhforáil go bhféadfadh soláthróir a chuid custaiméirí a roinnt suas in aicmí difriúla chun críche téarmaí agus coinníollacha difriúla a chur i bhfeidhm – go bunúsach gheobhadh custaiméirí níos mó praghas níos saoire nó téarmaí creidmheasa níos fearr.

4.3 Téarmaí Forlíontacha

Thar na chéad 14 bliana déag eile nó mar sin, thosaigh soláthróirí ag síneadh a gcuid téarmaí agus coinníollacha bunúsacha agus ag bunú struchtúir théarmaí forlíontacha. Lascaí a bhí iontu sin go hiondúil, lacáistí nó liúntais a d'íoc soláthróirí lena gcuid custaiméirí i riaráistí chun luach saothair a thabhairt as dílseacht nó chun díolacháin a chur chun cinn. Chuir Tuarascáil Choimisiún Cóir-Thrádála 1972 ar an bhfiosrúchán a rinne siad faoin trádáil grósaera síos orthu mar seo:

“They are of a somewhat arbitrary character, since they are negotiated individually, and on a confidential basis, with particular customers. The facts disclosed at the enquiry showed that, even as between organisations of equivalent buying power, incentives were provided by a number of suppliers in what appeared to be, from any economic standpoint, an arbitrary fashion. Where private negotiations are the practice, the supplier, even on grounds of time alone, will concentrate on large buyers to the exclusion of small buyers. The procedure facilitates the application of pressures and the abuse of economic power; concessions obtained reflect the bargaining power of the large scale buyers and can result in unfair discrimination. Well devised standard terms are preferable to supplementary terms. It is also in the interest of equity in trading, and often in the suppliers interest also, that supplementary terms should be kept at a level that will not distort, or even undermine, the application in practice of standard terms.”³

I 1972, bhreithnigh an CCT moladh a dhéanamh go gcuirfí cosc ar théarmaí forlíontacha ach shocraigh siad nach mbeadh aon chiall lena leithéid de chur chuige. Ina áit sin mhol siad go mbeidís faoi réir ag cosaintí áirithe.

Mar thoradh ar Thuarascáil an CCT, thug an tOrdú um Earraí Grósaera nua a rinneadh i 1973 isteach roinnt athruithe sna forálacha a bhain le téarmaí agus coinníollacha. Maidir le téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha mheas an CCT nár leor forálacha Orduithe 1956/58 chun cosc a chur le hidirdhealú in aghaidh trádálaithe áirithe, go háirithe mórdhíoltóirí, agus go gcaithfí iad sin a réiteach.⁴ Maidir le téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha, bhí foráil san Ordú mar seo a leanas:⁵

² Ditto, Airt. 15

³ Tuarascáil CCT 1972, Alt 167, Lth.76

⁴ Tuarascáil CCT 1972, Alt 143, Lth. 68

⁵ An tOrdú um Chleachtais Srianata (Earraí Grósaera), 1973, Airt. 3(5)

- Bheadh ar sholáthróir ráiteas téarmaí agus coinníollacha díolacháin a choinneáil
- D'fhéadfadh foráil a bheith sna téarmaí agus coinníollacha sin le haghaidh lascaí de mhéideanna difriúla agus aird ar na cineálacha difriúla ceannaitheoirí agus líon nó luach na n-earraí a bheadh i gceist.
- Ba chóir go gcuirfeadh na téarmaí agus na coinníollacha sin "tuairim ghinearálta" ar fáil chomh maith i ndáil le nádúr agus líon aon téarmaí forlíontacha a bheadh le fáil.

Is coincheap reachtach nua a bhí i dtéarmaí forlíontacha agus sainmhíodh iad mar lascaí ó thaobh ceann ar bith acu seo:

- ceannaitheoir ag ceannach níos mó ná líon sonraí de na hearraí a bhíonn i gceist thar tréimhse ama, nó
- an mórdhíoltóir nó an miondhíoltóir ag cur na n-earraí chun cinn nó sin a dhéanamh thar a gceann.

Agus, mar léiriú ar an inní a bhí ar an CCT nár chóir go mbeadh téarmaí forlíontacha chomh mór sin agus go n-athróidís go suntasach an tionchar a bheadh ar na téarmaí caighdeánacha, bhí foráil chomh maith in Ordú nua 1973 nach mbeadh na lascaí a cheadófaí mar chuid de na téarmaí forlíontacha "i bhfad níos mó" ná na lascaí a cheadófaí mar chuid de na téarmaí caighdeánacha.

Difríocht mhór amháin a bhí idir téarmaí caighdeánacha agus forlíontacha ná go gcaithfí téarmaí caighdeánacha a fhoilsiú (is é sin iad a bheith ar fáil d'aon duine a d'éileodh iad), agus bhí téarmaí forlíontacha faoi rún, rinneadh plé ar leithligh orthu le soláthróirí aonair agus níor ghá a fhoilsiú ach "tuairim ghinearálta" maidir lena nádúr agus a líon.

Chun cosaint a thabhairt in aghaidh feidhmiú mí-chóir téarmaí forlíontacha in imthosca mar sin, bhí an tImscrúdaitheoir (um Chleachtais Srianata - anois an Stiúthóir Gnóthaí Tomhaltóirí) i dteideal sonraí théarmaí forlíontacha soláthóra a fheiceáil mar bhealach chun imirt chothrom a chinntiú.

Is léiriú amháin ar théarmaí forlíontacha iad lascaí nach mbíonn ar an sonrasc.

4.4 Fiosrúchán 1975

D'fhéach Fiosrúchán Choimisiún um Chleachtais Srianata 1975, nár dhéileáil in aon chor leis an gceist a bhain le díolachán faoi chostas, go sonrath ar théarmaí agus coinníollacha soláthair i dtrádáil earraí grósaera.

Maidir le téarmaí caighdeánacha, ghlac an Coimisiún leis an tuairim a cuireadh faoina mbráid nach raibh Ordú 1971 soiléir agus go raibh srian nár ghá leis ó thaobh na gcritéar ina bhféadfaí cead a thabhairt do sholáthróir

lascaíní nó lacáistí difriúla a chur i bhfeidhm dá réir i gcás aicmí difriúla ceanaitheoirí. Measadh nár thug an tOrdú aitheantas don raon fachtóirí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar eacnamaíochtaí sa chóras imdháilte.

Agus mar sin d'aontaigh siad foráil bhreise a chur isteach a dúirt go bhféadfadh difríocht a bheith ag baint le lascaíní agus le lacáistí agus aird a bheith ar *“objective criteria which are designed to promote efficiency in supply or distribution and which are necessary in the legitimate interests of the supplier’s business”* (béim curtha air seo).⁶

Ba athrú tábhachtach a bhí anseo de bhrí go raibh sé soiléir gur thug an foráil nua i bhfad níos mó discréide do sholáthróirí cinneadh a dhéanamh cad iad na lascaíní agus na lascáistí a chuirfidís i bhfeidhm i ndáil le custaiméirí áirithe.

Maidir le téarmaí forlíontacha, ghlac an Coimisiún freisin leis an tuairim a chuir an trádáil faoina mbráid go raibh an foráil a bhí in Ordú 1971 nár chóir go mbeadh téarmaí forlíontacha 'i bhfad níos mó' ná téarmaí caighdeánacha doiléir agus go bhféadfaí léirmhíniúcháin éagsúla a bhaint as, go háirithe maidir le húsáid na bhfocal 'i bhfad níos mó'. Mhol an Coimisiún go mbainfí an téarma amach as an Ordú.

Athrú tábhachtach eile a bhí ansin de bhrí gur léir go bhfuair sé réidh leis an mbac, mar b'ionann é agus bac, ar théarmaí forlíontacha.

Agus sin á dhéanamh, fuair sé réidh leis an mbac, mar b'ionann é agus bac, ar lascaíní nach mbíonn ar an sonrasc.

Thuig an Coimisiún iad féin mar thoradh ar na hathruithe a mhol siad, agus a cuireadh i bhfeidhm sa chéad Ordú i 1978, *“...the onus would inescapably be on the supplier – within his capacity in a competition situation – to ensure equity of treatment for all his customers.”*⁷

Maoladh discréid an tsoláthróra le foráil a cuireadh isteach in Ordú 1978 ina raibh foráil nár chóir do théarmaí agus coinníollacha tríd is tríd

“...discriminate unfairly against purchasers and, having regard to the legitimate interests of the supplier’s business, shall take reasonable account of the economies of supply and distribution to different purchasers.”

4.5 Ordú 1981

Dhírigh Fiosrúchán CCS 1980, mar atá feicthe againn cheana, ar dhíolachán faoi chostas agus níor moladh aon athruithe ar na forálacha maidir le téarmaí agus coinníollacha. Athluadh na forálacha céanna go héifeachtach in Ordú

⁶ An tOrdú um Chleachtas Srianata (Earraí Grósaera) (Leasú), 1978, I.R. Uimh. 82/1978, s.4

⁷ Tuarascáil CCS, 1975 Alt 49, Lth.23

1981, a rinne comhdhlúthú ar na horduithe um earraí grósaera ar fad a bhí ann i bpíosa amháin reachtaíochta, mar a bhí tugtha isteach i 1978.

4.6 Athbhreithniú 1987 ar Ordú 1981

Rinne an Coimisiún um Chleachtais Srianta athbhreithniú ar fheidhmiú Ordú 1981 agus thug siad tuairisc ar thorthaí an athbhreithnithe i dTuarascáil a cuireadh isteach chuig an Aire in Eanáir, 1987.

Fuair an Coimisiún amach, bunaithe ar chainteanna leis an trádáil, nach raibh ach comhlíonadh comharthach á dhéanamh le hOrdú 1981. Ní raibh i dtéarmaí agus i gcoinníollacha caighdeánacha (ab éigean a fhoilsiú agus a bhí ar fáil do chách) ach cluiche agus ba iad na fóirthearmaí a bhain an ceannaitheoir agus an díoltóir amach ná na téarmaí forlíontacha ar ghlac an Coimisiún leo, i 1972, téarmaí rúnda, treallacha agus idirdhealaitheacha.

Tá “Conclúidí Ginearálta ar Théarmaí agus Coinníollacha” an Choimisiúin leagtha amach i ndá alt, 5.28 agus 5.29 ar leathanach 74 den Tuarascáil seo.

Tá na conclúidí sin tábhachtach ó thaobh an athbhreithnithe reatha atá ar bun againn ar fheidhmiú Ordú um Earraí Grósaera. Dúirt an Coimisiún:

“The Commission has always considered that unfair discrimination was undesirable. We are satisfied that suppliers are continuing to discriminate unfairly between their customers at the present time. This discrimination is principally effected through the granting of supplementary terms of a type never envisaged by the Commission. The objectives of the Order have, therefore, not been achieved. In our opinion this failure has occurred, among other reasons, because of the increase in buying power of the multiples and the decision of the Examiner (of Restrictive Practices) to react to complaints but not to do spot checks to ensure that the Order was being observed. The unwillingness of suppliers to complain about breaches of the Order, because of possible reaction from powerful customers, has also contributed to the difficulties. We recognise, also, that the wording of parts of the Order was deficient, in that it was ambiguous and not clearly defined. There is a major problem in deciding whether terms are unfairly discriminatory or not, particularly if the terms can have ‘regard to the legitimate interests of the supplier’s business’. The Examiner had no guidelines on discrimination available to him.”

Lean an Coimisiún air agus d’fhéach sé ar roinnt de na hathruithe a d’fhéadfaidís a dhéanamh leis an Ordú chun na heasnaimh sin a réiteach ach tháinig siad ar an gconclúid:

“We have decided that, in order to make a recommendation which could have a major impact, we need to study this issue in much greater depth than we have been able to do on this occasion. We also need to

obtain detailed information on the extent of unfair discrimination in terms and conditions in the trade.”

Chun staidéar ar an gceist a éascú, rinneadh athruithe ar Ordú 1987 a d'éileodh ar aon grósaera miondíola a raibh níos mó ná 5 shiopa aige, agus ar gach mórdhíoltóir, sonraí a chur ar fáil don Imscrúdaitheoir (um Chleachtais Srianata – anois Stiúirthóir Gnóthaí Tomhaltóirí) maidir le téarmaí forlíontacha a bhí pléite acu lena soláthróirí.⁸

Chun an tImscrúdaitheoir a éascú sa chás sin, chuir an tOrdú teorainn ar théarmaí forlíontacha i dtrí chatagóir. B'shin liúntais fhadthéarmacha maidir le líon áirithe a ceannaíodh thar tréimhse sainiúil ama, liúntais cur chun cinn agus "aon socrú eile" a bhainfeadh leis an bpraghas a bheith fágtha ar lár sna téarmaí caighdeánacha. Tá an ceanglas sin aisteach ag glacadh leis gur shainmhínigh an tOrdú a bhí á leasú (Ordú 1981) téarmaí forlíontacha agus gan ach péire de na catagóirí sin san áireamh. Ní dhealraíonn sé gur shíneadh clásáil "aon socrú eile" a chur isteach in Ordú 1987 an sainmhíniú ar aon bhealach.

Bhí an t-athbheithniú ina dhiaidh ar Ordú 1987 le bheith ann laistigh de 12 mhí dhéag ach níor cuireadh isteach tuarascáil den athbheithniú chuig an Aire go dtí 2 Lúnasa 1991.

4.7 Tuarascáil 1991

Tharraing Tuarascáil 1991 an Choimisiúin Cóir-Thrádála aird ar leith ar na deacrachtaí a bhí ag an Stiúirthóir (Gnóthaí Tomhaltóirí) ina iarracht monatóireacht agus luacháil a dhéanamh ar théarmaí forlíontacha mar a bhí samhlaíthe dó a dhéanamh chun deis a thabhairt don Choimisiún cinneadh a ghlacadh ar an gceist.

Dhiúltaigh roinnt páirtithe comhoibriú agus ní raibh sé soiléir go raibh sé de chead acu sin a dhéanamh. I gcásanna eile mar gheall ar an líon mór ábhair bhí sé deacair aon bhealach éifeachtach a aimsiú chun anailís a dhéanamh air. Bhreathnaigh daoine eile ar an bpróiseas iomlán mar ualach ar an trádáil nach raibh riachtanach in aon chor agus bhreathnaigh siad ar an obair mar rud nach seasfadh. San anailís dheiridh, ní raibh na hacmhainní ar fáil go simplí chun an cleachtadh a dhéanamh ar bhealach ciallmhar.⁹

Bhí an triúr fear ar an gCoimisiún Cóir-Thrádála deighilte ar an gceist a bhain le téarmaí agus coinníollacha díreach mar a bhí siad freisin maidir leis an gcosc ar dhíolachán faoin bpraghas ar an sonrasc. Bhí an Cathaoirleach agus Comhalta amháin den tuairim gur chlúdaigh forálacha Acht Iomaíochta 1991 ceanglais agus cuspóirí Airteagal 13 d'Ordú 1987 (maidir le téarmaí agus coinníollacha), agus mar gheall air sin nach raibh gá leo agus gur chóir iad a aisghairm. D'aithin siad go mb'fhéidir go dteastódh reachtaíocht nua ag am éigin amach anseo chun déileáil le fadhbanna ar bith a d'fhéadfadh a theacht

⁸ RPC Report, 1987, Para 5.30, P.75 & Restrictive Practice (Groceries) Order, 1987, S.I. No. 142/1987, Art.14(3)

⁹ FTC Report, 1991, Para 8.29, P.140

chun cinn i gcás téarmaí creidmheasa, liúntais fhógraíochta nó "airgead hello".¹⁰

D'aontaigh tríú Comhalta an Choimisiúin gur chóir aisghairm a dhéanamh ar go leor de na forálacha in Airteagal 13 i bhfianaise Acht Iomaíochta, 1991. Mar sin féin, ní dheachaigh sé chomh fada lena chomhghleacaithe. Chreid seisean gur chóir go mbeadh ceangal fós ar sholáthróirí ráiteas téarmaí agus coinníollacha a choinneáil agus ceann a chur ar fáil.

Shamhlaigh sé freisin go dtabharfaí deis do sholáthróirí leanúint ag feidhmiú téarmaí forlíontacha cé gur léirigh sé inní maidir le lascaí nach mbíonn ar an sonrasc agus mhol sé gur chóir go gciallódh "costas" chun críche cosc ar dhíolachán faoi chostas an costas iarbhír tar éis gach liúntas, lascaí agus lacáiste a ghlacadh san áireamh.

Agus muid ag féachaint siar anois, tá sé deacair a fheiceáil conas a d'fhéadfaí na forálacha deireanacha sin a fhorfheidhmiú. Is í an fhadhb chéanna í go bunúsach a d'aithin an Ardchúirt i 1979. Má thugann téarmaí forlíontacha deis lascaí agus lacáistí a íoc i riaráistí, conas is féidir le Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí, nó go deimhin Cúirt, teacht ar thuairim ag aon am ar leith cibé an díolachán faoi chostas é díolachán a dhéanann miondíoltóir ar tháirge nó nach ea, rud a bheadh ina chion dá mba ea?

Tá deacracht bhreise ann sa chás sin agus baineann sé sin leis an mbealach a bpléitear lascaí nach mbíonn ar an sonrasc.

Is é an tuiscint atá againn ná i ngnáthchás, b'fhéidir go gceannódh an miondíoltóir líon mór de línte táirge ó sholáthróir amháin le linn bliana amháin. Pléitear lascaí ina dhiaidh sin agus íoctar iad mar shuim shingil bunaithe ar an toirt iomlán trádála. Níl siad sainiúil ó thaobh táirge. Trí iad a cheangal ar ais le sonrasc níos luaithe ná sin chun costas iarbhír táirge ar leith a chinneadh (agus mar sin teacht ar chinneadh cibé ar díoladh an táirge faoin gcostas iarbhír), cuirtear bac breise, nach féidir a dhéanamh amach ar an bpróiseas ar fad.

Rinneamar imscrúdú i gCaibidil a Trí ar na cúiseanna nár glacadh aon ghníomh de bhua an mholadh a bhí i dTuarascáil 1991 an CCT (Féach Alt 3.10). Ní dearnadh aon athruithe ar Ordú 1987 in ainneoin an inní soiléire agus cinnte a bhí ar an CCT de bhrígo raibh sé ar intinn ag an Aire a bhí ann ag an am an tOrdú iomlán a aisghairm chomh luath agus a thioctadh Acht Iomaíochta 1991 ar an bhfód i gceart. Is pointe staire anois é nár tharla sé sin riamh.

4.8 Conclúid

Is mór an trua ina dtuairimse nár tháinig athrú ar bith ar fhorálacha Airteagal 13 den Ordú um Earraí Grósaera ó Ordú 1978 – in aineoinn go ndúirt an CCS

¹⁰ Tuarascáil 1991 CCT, Alt 8.82 go dtí 8.94, Lth 153 go dtí 156

chomh fada siar le 1987 nach raibh siad ag baint a gcuspóra amach agus nach raibh ach comhlíonadh comharthach á dhéanamh leo.

Creidimid go bhfuil an scéal amhlaidh anois agus nach bhfuil forálacha Airteagal 13 d'Ordú 1987 ag obair an bealach arna shamhlú ag an gCoimisiún, ag an Aire agus ag an Oireachtas.